

## ❁ An Lúibín ❁

30 Samhain 2010

### Cartlann Joe Éinniú

*A singer and his songs.*

Scothamhránaí ar an sean-nós ba ea Joe Éinniú (Joe Heaney), fear as Conamara a chaith cuid mhaith dá shaol thall sna Stáit. Rugadh é san Aird Thoir i gCarna sa bhliain 1919 agus cailleadh in Seattle sa bhliain 1984. Anois tá a chuid amhrán le fáil i gcartlann ar shuíomh idirlín a rinneadh trí Áras Shorcha Ní Ghuairim, Ionad Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Ábhar ó Ollscoil Washington in Seattle atá sa chartlann. Tugadh do phobal Charna é chomh fada siar leis an mbliain 1992, agus anuraidh thug an Dr Lillis Ó Laoire ó Ollscoil na Gaillimhe (fear ar amhránaí breá é féin) faoin ábhar a chur in eagar. Bhí baint ag a lán eile leis an obair freisin, agus anois tá timpeall ceithre chéad mír ar fáil, idir fhuaim agus fhís.

Is féidir mionchuardach a dhéanamh ar amhráin agus ar scéalta. Féach [www.joeheaney.org](http://www.joeheaney.org).

○○○○○○○○

### Freagra

*The right and timely phrase.*

Cuma cá háit a bhfuil tú, tá fáil agat ar *Freagra*, seirbhís atá ann ón mbliain 2006 i leith agus í ag soláthrú litriú na dtéarmaí casta le fada an lá don té a bhfuil a leithéid uaidh. Is minic, más fíor, na daoine úd le fáil i státseirbhís na hÉireann nó i gcomhlachtaí príobháideacha agus baint ag an scéal le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a bheith ann. An Ghaeilge nár fhoghlaim siad ar scoil tá sí ag teastáil anois.

Is gearr ó scaipeadh 100,000 greamán i measc na heagraíochtaí stáit lena ngreamú do ghutháin nó do ríomhairí mar mheabhrán ar an tseirbhís. Ní fios d'aon duine cén feabhas a chuirfidh sí ar Ghaeilge na státseirbhíseach (dream a bhfuil a líon ag dul i laghad de dheasca dhrochstaid an gheilleagair) ach tá seans ag an domhan mór tairbhe a bhaint aisti: [freagra@ling.ie](mailto:freagra@ling.ie) nó téacs a sheoladh chun 353-(0)87- 7935913.

○○○○○○○○

### Scrúdú béil

*The new oral test in Leaving Irish – the examination that tests nothing.*

Níl gach duine sásta leis an scrúdú béil nua don Meánteistiméireacht, scrúdú a bheidh ann ón mbliain 2012 ar aghaidh. Beidh 40% de na marcanna ag baint leis seachas an 25% a bhaineann leis faoi láthair.

Ní hé an scrúdú féin nach dtaitníonn le lucht a lochtaithe ach an leagan amach atá air: dán as Gaeilge a aithris agus labhairt faoi roinnt pictiúirí a bheidh le fáil acu ocht mí dhéag roimh ré. Is léir mar sin nach mbainfear triail cheart as cumas comhrá na ndaltaí agus nach bhfuil sa scrúdú nua ach seafóid. Sampla eile é den phraiseach atá déanta ag an Roinn de mhúineadh na teanga.

Ni mór a chuimhneamh (mar a dúramar go minic cheana) go bhfágann a leithéid de mhíriar a rian ar an teanga thar lear. Tá baint aige sin le drochscéal eile – an oiread sin imirceach a bheidh ag tarraingt ar thíortha eile, rud atá róchoitianta anois agus Éire in isle brí. Tagann suim ag roinnt díobh sa teanga agus iad ar an goigrioch, ach

is beag duine acu a fhoghlaimíonn le fonn ar scoil í. Is léir le fada an lá go mbíonn rath agus labhairt na teanga taobh leis na scoileanna lán-Ghaeilge. Is maith ann iad cé nach mbíonn siad ag freastal ach ar mhionlach. Bheadh fáilte roimh an dream úd san Astráil.



### **Gaelscoil Ráth Tó**

*A gaelscoil pushes on without official recognition.*

Is cuid suntais í Gaelscoil Ráth Tó i gCo. na Mí, scoil a d'oscail in am agus i dtráth i mbliana cé nach bhfuair sí aitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Níl sí gan chabhair ó Chonradh na Gaeilge, ó Ghlór na nGael, ó Chomhluadar agus ón bhForas Pátrúnachta. Tá Gaelscoil Ráth Tó ar an gcéad Ghaelscoil le hoscailt ón mbliain 2008.

Cúrsaí airgid is mó atá ag crá lucht riaracháin na scoile, agus tá Aitheantas, feachtas tacaíochta, ag bailiú pinginí dí le crannchur agus le bandaí dubha a bhfuil inscríbhinn órga greanta orthu (€1 an ceann). Teacht gan dua orthu ach ríomhphost a chur chun [lorcan@glornangael.ie](mailto:lorcan@glornangael.ie) nó chun [aitheantas@ireland.com](mailto:aitheantas@ireland.com).

Léiriú ar neart agus ar laige na gaelscolaíochta is ea Gaelscoil Ráth Tó, áit a tháinig ar an bhfód agus a sheasann an fód trí dhícheall agus dhíograis pobail. Tugann sí dúshlán an stáit ach tá gá aici, i ndeireadh na dála, le beannacht an stáit chun maireachtáil mar is ceart.

Toisc gur theip chomh dona sin ar an státchóras aon teanga seachas Béarla a chaomhnú, déarfá go bhfuil sé de dhualgas ar an stát cuidiú le scoileanna a dhéanann a mhalairt. Is léir nach dtiocfadh an Roinn leis sin. B'fhéidir nach olc ar fad mar scéal é i ndeireadh na dála. Tá sé de nós ag Gaeilgeoirí iarraidh ar an stát a bheith ag tál orthu, rud atá bunoscionn leis an treallús is gá chun an teanga a chur chun cinn. Go maire Gaelscoil Ráth Tó, mar sin, bíodh aitheantas aici nó ná bíodh.



### **Na hÉireannaigh i gCabhlach na Breataine 1775 – 1805**

*The Irish fought in every British naval war of the 18<sup>th</sup> century and faced the French and Spanish at Trafalgar in 1805. They were to be found at all levels of the service, and more than one ship had an Irish-speaking quarter deck.*

Ré ar leith i stair Chabhlaigh Ríoga na Breataine ba ea an tréimhse 1775–1805: ré dhaingnithe na hImpireachta. Is annamh a buadh ar longa an Rí, cé gur bhain na Meiriceánaigh geit agus tuairt astu. Bhí taobh eile ar scéal seo an Chabhlaigh – an cruatan, an t-ansmacht, an chontúirt. Mar sin féin níor shaol gan sult é (nó gan drabhlas, ar aon chuma) agus bhí neart Éireannach páirteach ann, idir oifigigh agus mhairnéalaigh. Is léir gurbh Éireannaigh iad formhór na foirne ar mhórán long le linn Nelson – HMS *Euryalus* ag Cath Trafalgar, mar shampla.

Tá eolas éigin againn ar thimpeall 650 oifigeach Éireannach a bhí ar seirbhís le linn na gcogaí a bhí ar siúl i gcoinne na Fraince, na Spáinne, na hOllainne agus na Stát Aontaithe idir na blianta 1793 agus 1815.<sup>1</sup> Cheal eolais chruinn ní féidir trácht a dhéanamh faoi láthair ar oifigigh de na Saighdiúirí Cabhlaigh Ríoga, ar oifigigh gan choimisiún (bósain, máistrí seolta, sparánaithe loinge etc.) agus ar oifigigh shibhialta den bhunaíocht cabhlaigh.

Glacadh leis ag an am go mbeadh oifigigh choimisiúnta ina bProtastúnaigh (b'éigean dóibh mionn dílseachta a thabhairt ag séanadh an Phápa), ach ba dhóigh leat go raibh roinnt Caitliceach ceilte ina measc. Bheadh amhras agat mar shampla ar an triúr seo ó Chontae an Chláir: Seachaimiréal Donat Henchy (1785-1857); Seachaimiréal Robert O'Brien (a cailleadh i 1838); Burton Macnamara, ridire agus aimiréal (1794-1876 – b'fhéadfadh sé a bheith

---

<sup>1</sup> Tá neart eolais le fáil in alt le Anthony Gary Brown: 'Irish Officers in the Royal Navy 1793-1815,' *The Irish Sword*, the Journal of the Military History Society of Ireland, Vol. XXI, No. 86, Winter 1999, lgh 393-429:

<http://www.agbfinebooks.com/Publications/Irish/Irish%20Web.htm>

ar seirbhís mar oifigeach óg i gcogadh Napoléon). Féach freisin John Kirwan ó Chontae na Gaillimhe (a cailleadh i 1825 – ní fios cén chéim a bhí aige mar oifigeach). Bhí a lán eile ann.

Ní ar aon bhealach amháin a rachadh gnáthmhairnéalaigh Éireannacha sa Chabhloch. Is iomaí duine a preiseáladh, ach liostáil a lán eile dá ndeoin féin: fir óga sna fichidí de ghnáth, cuid acu pósta agus cuid gan chuing. Iad roinnte ina ndronga faire agus ina gcuibhrinn ochtair nó deichniúir agus ag dul i bpáirt le chéile ag réiteach bia agus ag obair le chéile thuas agus thíos. Na fir a preasáladh bheadh faill acu le liostáil dá ndeoin féin chun 'bónas' a fháil.

Dá mba thalmhaithe ('landsmen') iad bheadh orthu dul amach ar dhiamhairí mara: cláir scríútaí, ceannrópaí, cluaisíní agus míle rud eile. Bheadh orthu na gunnaí móra a ionramháil nó a lódáil san ord ceart (cartús, ascart, caor ordanáis, ascart eile) agus an fód a sheasamh faoi smúit an deataigh. Bheadh gnáthobair an lae nó na hoíche rompu agus tiorántacht na mionoifigeach. Thiocfadh taitheí acu ar dhrabhlás na gcalaí; b'fhéidir go cuirfidís airgead abhaile chun mná óige i gContae Chorcaí nó i gContae Luimnigh.

Cuid de shlua mór ba ea na hÉireannaigh. Sa bhliain 1805 bhí timpeall 110,000 duine ar fostú ag an gCabhlach Ríoga; ag Cath Trafalgar féin bhí os cionn 18,000 mairnéalach agus saighdiúir cabhlaigh ag troid ar son na Breataine. Tá scagadh déanta ag Cartlann Náisiúnta na Breataine ar an eolas atá le fáil i liostaí foirne, i suirbhéanna, i gcomhaid pinsinéirí agus i dteastais seirbhíse. Na daoine de chuid an Chabhlaigh Ríoga a bhí i láthair ag Trafalgar b'as gach cearn dóibh (Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Meiriceá, an tSualainn, an Iorua, an Phrúis, an Rúis, Málta, an Iodáil, Talamh an Éisc, an Albain Nua, an Fhrainc, an Spáinn, an Afraic agus na hIndiacha Thiar) ach ba iad na hÉireannaigh an dream ba líonmhaire – timpeall 3,573 fear.

#### *An dúchas ar muir*

Is féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh Gaeilge ó dhúchas ag neart mairnéalach sa tréimhse atá i gceist againn, agus cuid nach beag acu ar bheagán Béarla. Is cinnte, áfach, nach raibh easpa Béarla ar an duine is mó iomrá acu: Eoghan Rua Ó Súilleabháin, file fiáin ó Chiarraí. Fear é ar mhínic ar seachrán é agus tharla sa Chabhloch é – 'i mbarcaibh na bpiléar ar chúrmhuir,' mar a dúirt sé. Bhí sé ann ar 12/4/1782 nuair a bhuaigh an tAimiréal Rodney ar na Francaigh sna hIndiacha Thiar agus chum an Ciarraíoch bailéad ar an eachtra: 'Now may prosperity attend / Brave Rodney and his Irishmen / And may he never want a friend / While he shall reign commander; / Success to our Irish officers / Seamen bold and jolly tars...'.<sup>2</sup>

Bhí na hoifigigh Éireannacha úd ann, agus (más fíor an scéal) thug duine acu, Cárthach ó Chiarraí, an Súilleabhánach leis chun an Aimiréil. Bhí sé siúd an-sásta leis an amhrán agus d'fhiafraigh den fhile cén duais a bhí uaidh. Scaoileadh ón tseirbhís a bhí ón Súilleabhánach ach diúltaíodh dó, agus dúirt sé i nGaeilge: 'Imreimid cleas éigin eile oraibh'. Thuig an Cárthach é agus dúirt leis go daingean go bhféachfadh sé chuige nach n-imreodh.<sup>2</sup>

Má bhí Gaeilge ag oifigeach ní cúis iontais é: ní raibh an teanga tréigthe fós ag a leithéidí i gCúige Mumhan. Is dócha go raibh baint ag an gCárthach úd le muintir an Chárthaigh Mhóir i Sliabh Luachra, áit dhúchais an tSúilleabhánaigh. Thugaidís Gaeilge (agus lámhscríbhinní uaireanta) thar lear leo agus iad ag saighdiúireacht faoi bhratach eachtrannach, cé gur scéal eile a bheadh ann i gceann glúine nó dhó. B'fhéidir nár de phór uasal an Seachaimiréal úd Donat Henchy, ach ní dóichí rud ná go raibh Gaeilge aige féin agus ag a leithéidí eile – teanga a thabharfaidís in airde leo sa tseirbhís.

Maidir leis na gnáthmhairnéalaigh a bhí sa Chabhloch sa bhliain 1805, is féidir méid a gcuid Gaeilge a mheas trína gcontaethe dúchais a scrúdú. B'as Baile Átha Cliath do mhórán acu ach bhain a lán eile le Co. Chorcaí, Co. Phort Láirge agus Co. Chiarraí. B'áit mhór loingseoireachta í Corcaigh agus is beag an t-ionadh gur fáisceadh an oiread sin mairnéalach aisti. B'as Co. Dhún na nGall, Co. Mhaigh Eo agus Co. na Gaillimhe do

---

<sup>2</sup> Féach Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Néill*, Conradh na Gaeilge 1902, agus Daniel Corkery, *The Hidden Ireland*, M.H. Gill and Son Ltd, Dublin 1925, lgh 206-211.

chuid eile, agus luaitear Co. Chill Chainnigh féin – an t-aon chontae de Chúige Laighean a raibh an-chuid Gaeilge le fáil inti.<sup>3</sup>

Sa tréimhse 1771-1781 (tréimhse ar rugadh an chuid is mó de na hÉireannaigh úd) bheadh céatadán na gcainteoirí Gaeilge sna contaethe sin mar a leanas: Co. Chorcaí - 84%, Co. Chiarraí – 93%; Co. Phort Láirge – 86%; Co. Dhún na nGall – 56%; Co. Mhaigh Eo 95%; Co. na Gaillimh – 91%; Co. Cill Chainnigh – 57%. Ní mór a chuimhneamh nach mbeadh na figiúirí seo an-chruinn ar fad – fomheastachán iad, is dócha.<sup>4</sup>

Ag seo sampla beag de na mairnéalaigh a bhféadfadh Gaeilge a bheith acu:

Matthew Barratt, 26 bliana d’aois: rugadh i gCo. Chorcaí: HMS *Conqueror*

William Barry, 38 mbliana d’aois: rugadh i gCo. Chorcaí: HMS *Conqueror*

Denis Tymey, 25 bliana d’aois: rugadh i gCo. Chorcaí: HMS *Dreadnought*

Richard Williams, 32 bliana d’aois: rug i dTrá Lí: HMS *Conqueror*

John Brennan, 23 bliana d’aois: rugadh i gCill Chainnigh: HMS *Spartiate*

Michael Quin, 44 bliana d’aois: rugadh i gCo. Phort Láirge: HMS *Ajax*

Patrick Ryan, 31 bhliain d’aois: rugadh i gCluain Meala (áit a raibh neart Gaeilge inti ag an am): HMS *Belleisle*

James Boyle, 29 mbliana d’aois: rugadh i gCaisleán an Bharra: HMS *Royal Sovereign*

Tá cioradh agus scagadh le déanamh fós ar chuid mhaith den ábhar a bhaineann leis na hÉireannaigh úd a chaith tamall i lona an Rí sa chuid dheiridh den 18ú haois. Stair í is fiú a bhreacadh ina hiomláine.

Féach freisin:

\* Masefield, John (1905). *Sea Life in Nelson’s Time*. Methuen, London:

<http://www.questia.com/library/book/sea-life-in-nelsons-time-by-john-masefield.jsp>

\* <http://www.channel4.com/history/microsites/H/history/n-s/nelson.html>

●●●●●●●●

### **Tua-Inbhear**

*The dinnseanchas of Ireland, both prose and verse, relates the legends connected with places. Much of it is pre-Christian, and one such poem tells of the tragic death of Tua, first love of the god Manannán mac Lir.*

Cuireann an dinnseanchas síos ar bhunús logainmneacha agus ar na scéalta a bhaineann leis na háiteanna sin. Tá idir dhánta agus scéalta próis le fáil sa dinnseanchas ina iomláine. Tá cuid mhaith den ábhar le fáil ar *Leabhar Laighean*, lámhscríbhinn de chuid an 12ú haois, agus cumadh athleaganacha eile sa 14ú haois agus sa 15ú haois.

Leis an ré réamhliteartha a bhaineann an Dinnseanchas ó cheart, agus tá a lán logainmneacha ann nach raibh ag imeacht sa 5ú haois féin. Ní hé go ndéanann na téacsanna míniú cruinn i gcónaí ar chiall na logainmneacha úd. Uaireanta cuirtear an míniú in oiriúint don áinm seachas a mhalairt, agus b’fhéidir gur cumadóireacht ghlan atá ann. Mar sin féin, tá neart eolais le fáil sa dinnseanchas ar phearsana ársa scéalaíochta, agus draíocht éigin ag baint lena gcuid eachtraí.

---

<sup>3</sup> Tá eolas ar ainm, ar aois, ar áit dhúchais agus ar long gach mairnéalaigh (a bheag nó a mhór) le fáil ag

<http://www.nationalarchives.gov.uk/trafalgarancestors/>.

<sup>4</sup> FitzGerald, Garret, ‘Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts: 1771-1781 to 1861-1871,’ *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 84 C, 1984.

Tá an draíocht sin le haithint ar dhán a thugann cuntas dúinn ar an mbunús atá le háit darb ainm Tua-Inbhear (*Túag Inber*) ar Abhainn an Bhanna i gContae Loch Garman.

Túag Inber álaind, gáeth glass,  
in eól dúib a dindshenchas?  
in cualabair cen chaire  
senchas Túaige tond-glaine?

*Tua-Inbhear álainn, gaoth<sup>5</sup> glas, an eol daoibh a dhinseanchas? Ar chuala sibh seanchas Thua tonnghlaine?*

Ba í Tua iníon Chonaill Chollamhrach, agus d'altramaigh Conaire mac Eidircéil í. Deir an dán gur chuir sé slua iníonacha á hionchoimeád 'i dTeamhair na dtréad'. Sin mar a bhí an scéal ar feadh cúig bliana déag, agus ní ligfí fir dhubha ná fir fhionna chuici ina grianán. Mar sin féin, thagadh ríthe ag suirí léi agus chuala Manannán mac Lir (dia na farraige) an scéal: thug sé grá di agus chuir teachtaire chuici:

Ainm in techtairi 'ca thig  
ba Fer Fí mac Eogabail,  
dalta do mac Lir na lann  
druí de thúathaib Dé Danann.

*Fear Fí mac Eoghabhail ab ainm don teachtaire ina theach féin, dalta le mac Lir na lann, draoi de Thuatha Dé Danann.*

Chuaigh an draoi i riocht ógmhná agus ar an dóigh sin a bhain sé amach an grianán. Trí oíche a d'fhan sé i dTeamhair agus é ag faire na faille.

Sin chethramaid tráth, ba tróg,  
canais bricht in druí dímór:  
i n-aidchi lúain, col-lín mod,  
tuc leis Túaig 'na trom-chotlod.

*An ceathrú huair, nach trua, chan an draoi mórchumhachtach briocht: oíche Luain, ar a lán modhanna glíce, thug sé Tua leis ina tromchodladh.*

D'iompair sé ar a mhuin í ó Theamhair go dtí 'rinn Bhanba barrghlaise' agus í ina codladh i gcónaí.

Fosruirim 'na súan 'sin tráig:  
luid d' iarrair ethair imláin:  
dotháet in tond tuile tig,  
báidis dia éis in n-ingin.

*Leag sé ina suan sa trá í agus chuaigh ag iarraidh eathar dea-dhéanta: tháinig an tonn tuile agus bháigh an iníon ina dhiaidh.*

Ní mó ná sásta a bhí Manannán nuair a chuala sé an scéal; mharaigh sé Fí. Thugtaí Inbhear Ghlasghamhna ar an áit tráth ach d'fhág Tua a hainm féin uirthi. Bhí fearg ar Chonaire agus 'chreach sé Eille agus Lé araon i ndíol bhás Thua'. Agus ainmníonn an file na trí thonn a bhain leis an scéal:

Trí tonna h-Érenn uile,  
Tonn Chlidna, Tonn Rudraige,

---

<sup>5</sup> Gaoth (*fir1*) – bun abhann, inbhear: féach Gaoth Dobhair (*inbhear an uisce*).

in Tonn robáid mnaí meic Lir  
tathig tráig ic Túaig Inbir.

*Trí tonna na hÉireann uile, Tonn Chliona, Tonn Rúraí, an Tonn úd a bháigh bean mhic Lir agus a thaitíonn an trá ag Tua-Inbhear.*

Sin deireadh an mhórscéil: cuireann an file síos ina dhiaidh sin ar roinnt eachtraí agus pearsana eile a bhaineann le Tua-Inbhear. D'éalaigh laoch darbh ainm Eochu le hEibhleann, bean a athar, agus thug Aonghus, dia na n-ealaíon, capall iontach dóibh: dúirt sé leo é a chur abhaile arís sula mbeadh deis aige fual a dhéanamh. Rinne an capall fual agus rinneadh tobar dá bharr; i ndeireadh an dála bhrúcht an t-uisce aníos agus bháigh Eochu agus a chlann uile ach amháin Conaing. Ba é an t-uisce sin ó Loch Eachach a threisigh an Banna:

Maidm locha Echach na n-ess  
cét iar ngein do Día díless  
dorat bríg don Bannai bil  
dar cech tír co Túaig Inbir.

*Maidhm Loch Eachach na n-eas céad bliain tar éis gur gineadh Dia dílis chuir sí brí sa Bhanna tréan agus é ag imeacht thar gach tír chun Tua-Inbhir.*

Tá an téacs seo agus téacsanna eile dá shórt le fáil ag

<http://www.ucc.ie/celt/published/T106500D/index.html>.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Scrúdú béil

Níl gach duine sásta leis an scrúdú béil nua don Meánteistiméireacht. Is fiú 40% de na marcanna é.

Beidh ar na daltaí dán Gaeilge a aithris<sup>6</sup> in Gaeilge agus labhairt faoi roinnt pictiúirí a bheidh le fáil acu ocht mí dhéag roimh ré.<sup>7</sup> Is léir mar sin nach mbainfear triail cheart as<sup>8</sup> cumas comhrá na ndaltaí.

Fágann seo a rian<sup>9</sup> ar staid an teanga thar lear. Tagann suim ag cuid Éireannach sa Ghaeilge agus iad thar lear, ach is trua nach féidir leo Gaeilge a fhoghlaim le fonn<sup>10</sup> agus iad ar scoil. Tá na scoileanna lán-Ghaeilge ann ach ní bhíonn siad ag freastal ach ar mhionlach.

## Éireannaigh i gCabhlach na Breataine 1775-1805

Bhí mórán Éireannach i gCabhlach Ríoga na Breataine sa tréimhse 1775–1805, agus is léir gurbh Éireannaigh formhór na foirne<sup>11</sup> ar mhórán long le linn Nelson.

Bhí timpeall 650 oifigeach Éireannach ar seirbhís sa Chabhlach le linn na gcogaí i gcoinne na Fraince, na Spáinne, na hOllainne agus na Stát Aontaithe idir na blianta 1793 agus 1815. Agus sin gan trácht ar oifigigh gan choimisiún<sup>12</sup> (bósain etc.) agus ar oifigigh shibhialta.

Shíl<sup>13</sup> gur cheart d'oifigigh choimisiúnta a bheith ina bProtastúnaigh ach ba dhóigh leat go raibh roinnt Caitliceach ceilte i measc na nÉireannach – daoine ó Chontae an Chláir, mar shampla.

Liostáil cuid de na gnáthmhairnéalaigh dá ndeooin féin<sup>14</sup>; preiseáladh daoine eile<sup>15</sup>. Bhídís óg agus bhíodh cuid acu pósta. Bheadh orthu foclóir nua a fhoghlaim agus obair nua a dhéanamh, agus bheadh orthu na gunnaí móra a ionramháil nó a lódáil.

Cuid de shlua mór ba ea na hÉireannaigh. Sa bhliain 1805 bhí os cionn 18,000 mairnéalach agus saighdiúir cabhlaigh<sup>16</sup> ag troid ar son na Breataine. Bhí daoine as gach cearn<sup>17</sup> sa Chabhlach Ríoga ach ba iad na hÉireannaigh an dream ba líonmhaire<sup>18</sup> – timpeall 3,573 fear.

Bhí Gaeilge ó dhúchas ag neart mairnéalach sa tréimhse atá i gceist againn. Bhí Eoghan Rua Ó Súilleabháin, file ó Chiarraí, ar dhuine acu. Nuair a bhuaigh an tAimiréal Rodney ar na Francaigh sna hIndiacha Thiar sa bhliain 1782 chum Eoghan Rua amhrán i mBéarla á mholadh<sup>19</sup>. Bhí an tAimiréal an-sásta leis an amhrán agus d'fhiafraigh den fhile cén duais a bhí uaidh. Scaoileadh ón tseirbhís<sup>20</sup> a bhí ón Súilleabhánach ach diúltaíodh dó<sup>21</sup>. Dúirt sé i nGaeilge: 'Imreimid cleas éigin eile oraibh'.<sup>22</sup> Ach bhí oifigeach Éireannach ann a thuig an teanga agus dúirt sé le hEoghan Rua go bhféachfadh sé chuige nach n-imreodh.<sup>23</sup> Bhí Gaeilge ag a lán oifigeach ag an am, ó bhí an teanga beo fós i measc na n-uaisle Caitliceacha i gCúige Mumhan go háirithe.

---

6 Aithris - recite

7 Ocht mí dhéag roimh ré – 18 months beforehand

8 Bain triail as - test

9 Fág a rian ar – leave its mark on

10 Le fonn – with enthusiasm

11 Formhór na foirne – most of the crew

12 Oifigigh gan choimisiún – non-commissioned officers

13 Shíl – it used to be thought

14 Dá ndeooin féin – of their own free will

15 Preiseáladh daoine eile – others were pressed

16 Saighdiúir cabhlaigh - Marine

17 As gach cearn – from everywhere

18 An dream ba líonmhaire – the most numerous group

19 Á mholadh – praising him

20 Scaoileadh ón tseirbhís – discharge from the service

21 Diúltaíodh dó - he was given a refusal

22 Imreimid cleas éigin eile oraibh – We'll play some other trick on you.

23 Go bhféachfadh sé chuige nach n-imreodh – that he would see to it that he didn't

Maidir leis na gnáthmhairnéalaigh a bhí sa Chabhloch sa bhliain 1805, is féidir méid a gcuid Gaeilge a mheas trína gcontaethe dúchais a scrúdú.<sup>24</sup> Bhain mórán acu le<sup>25</sup> contaethe ar nós Chontae Chorcaí, Chontae Phort Láirge agus Chontae Chiarraí. Sa tréimhse 1771-1781 a rugadh an chuid is mó de na hÉireannaigh úd, agus bhí an teanga an-láidir fós i gCúige Mumhan, i gCúige Connacht agus i gContae Dhún na nGall.

### **Tua-Inbhear**

Cuireann an dinnseanchas<sup>26</sup> síos ar bhunús logainmneacha na hÉireann agus ar na scéalta a bhaineann leis na háiteanna sin. Tá idir dhánta agus scéalta próis le fáil sa dinnseanchas. Leis an ré réamh-Christaí a bhaineann sé ó cheart,<sup>27</sup> ach tá sé le fáil ar lámhscríbhinní meánaoiseacha.

Tugann dán amháin cuntas ar an mbunús atá le háit darb ainm Tua-Inbhear<sup>28</sup> (*Túag Inber*) ar Abhainn an Bhanna i gContae Loch Garman. Cailín álainn ba ea Tua, agus tógadh í i ngríanán<sup>29</sup> i gcuideachta cailíní eile i dTeamhair. Ní ligtí d'aon fhear teacht isteach.<sup>30</sup> Ach thit Manannán mac Lir, dia na farraige, i ngrá léi agus chuir sé teachtaire chuici.

Fí mac Eoghabhail ab ainm don teachtaire agus ba dhraoi é. Chuaigh sé i riocht mná óige<sup>31</sup> agus d'éirigh leis dul isteach sa ghrianán. Trí oíche a d'fhan sé i dTeamhair. Chuir sé Tua ina codladh le draíocht agus d'fhuadaigh sé í.

Leag sé ar an trá í agus chuaigh ar lorg báid. Ach tháinig tonn agus bháigh Tua. Tháinig fearg ar Mhanannán agus mharaigh sé Fí, agus ó Thua a ainmníodh<sup>32</sup> an t-inbhear.

---

24 Trína gcontaethe dúchais a scrúdú – by examining their counties of origin  
25 Bain le – be connected to  
26 Dinnseanchas - topography  
27 Ó cheart – properly speaking  
28 Tua-inbhear – inlet of Tua  
29 Grianán - bower  
30 Ní ligtí d'aon fhear teacht isteach – no man used to be allowed to enter  
31 Chuaigh sé i riocht mná óige – he assumed the shape of a young woman  
32 Ainmníodh – was named